Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0208

An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Phacastáin: modhnú lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais Eorpaigh

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontuithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Pacastáine de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (06518/2021 – C10-0024/2026 – 2021/0042(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (06518/2021),

– ag féachaint don dréacht-chomhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Pacastáine (06519/2021),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0024/2026),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0134/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus

parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Ioslamach na Pacastáine.